



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

## CUNTASAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL (400 marc)

DÉ LUAIN, 19<sup>ú</sup> MEITHEAMH 2006 – 2.00 i.n. go dtí 5.00 i.n.

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

### Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus tá 60 marc an ceann ar na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo.

### Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5-7). Tá 100 marc ar gach ceist.

Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

### Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach ceist.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

### Áireamháin

Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fiorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar oibriúcháin s(n)a freagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair cheart.

**ROINN 1 (120 Marc)**  
Freagair Ceist 1 NÓ DHÁ cheist ar bith eile

**1. Trádálaí Aonair – Cuntais Chríochnaitheacha**

Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as leabhair C. Uí Cheallaigh ar 31/12/2005.

	€	€
Foirgnimh (costas €900,000)	855,000	
Veaineanna Seachadta (costas €130,000)	60,500	
Infheistíochtaí 6% 1/6/2005	160,000	
Paitinní (ioncaim infheistíochta 3 mhí san áireamh)	60,600	
Morgáiste Seasta 5% (méadú €100,000 a fuarthas ar 1/4/2005 san áireamh)		300,000
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	76,500	85,500
Ceannacháin agus Díolacháin	650,000	980,000
Stoc 1/1/2005	65,700	
Coimisiún	20,000	
Tuarastail agus speansais ghinearálta (Fionraí san áireamh)	192,500	
Soláthar do Dhrochfhiacha		3,900
Lascaine (glan)		3,600
Cíos		12,000
Ús morgáiste íoctha do na 3 mhí thosaigh	3,000	
Árachas	7,800	
C.B.L.		4,300
Á.S.P.C.		2,500
Banc		60,800
Tarraingtí	36,000	
Caipiteal		735,000
	<u>2,187,600</u>	<u>2,187,600</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Bhí stoc ar 31/12/2005 ar a chostas €72,500. Níor iontráladh sna leabhair ‘earraí faoi bhealach’ ar 31/12/2005. Bhí an sonrasc do na hearraí sin tagtha. Thaispeáin sé an praghas miondíola inmholta €7,000, i.e. costas móide 25%.
- (ii) Déan soláthar do dhímheas ar veaineanna de réir ráta bhliantúil 15% den chostas ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.  
NÓTA: Ar 30/4/2005 trádáladh veain seachadta a raibh costas €35,000 uirthi ar 31/10/2002 in aghaidh veain nua a chosain €41,000. Rinneadh lamháltas €15,000 ar an tseanveain. Iontráladh seic ar ghlanmhéid an bhirt sin sa chuntas bainc ach caitheadh go mícheart leis mar cheannachán stoc trádála. Ní dhearnadh aon iontráil eile sna leabhair maidir leis an mbeart sin.
- (iii) Tarlaíonn an figiúr d’fhionraí toisc gur breacadh figiúr mícheart don ús morgáiste i gcuntas an úis mhorgáiste agus toisc gur sa chuntas creidiúnaithe amháin a iontráladh lascaine €700 a fuarthas. Iontráladh an t-ús ceart sa chuntas bainc.
- (iv) Tá paitinní, ar a áirítear ioncam úis infheistíochta 3 mhí, le díscríobh thar thréimhse 5 bliana, ag tosú i 2005.
- (v) Tá soláthar le déanamh d’ús morgáiste dlite.
- (vi) Ceannaíodh trádastóras nua le linn na bliana ar €200,000 móide CBL 12.5%. Iontráladh an méid a íocadh leis an díoltóir sa chuntas foirgneamh. Ní dhearnadh iontráil ar bith sa chuntas CBL.
- (vii) Déan soláthar do dhímheas ar fhoirgnimh de réir 2% den chostas per annum. Socraíodh na foirgnimh a athluacháil ag €1,200,000 ar 31/12/2005.
- (viii) Tá an soláthar do dhrochfhiacha le bheith coigeartaithe do 3% d’fhéichiúnaithe.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:**

- (a) Cuntas Trádála, agus Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar críoch 31/12/2005. (75)
- (b) Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2005. (45)

**(120 marc)**

## 2. Cuntais Feirme

Ar na sócmhainní agus na fiachais atá ag Seán agus Máire Uí Cheallaigh, a bhfuil gnóthas feirmeoireachta measctha ar siúl acu, ar 1/1/2005 tá: Talamh agus Foirgnimh ar a gcostas €290,000; Innealra ar a chostas €60,000; Leictreachas dlite €400; Luach Eallaigh €60,000; Seic Bainne dlite €2,400; Stoc Breosla €800; Luach Caorach €18,000.

Is achoimre é seo a leanas a baineadh as a gcuid íocaíochtaí seic agus as a gcuid leabhar lóisteála don bhliain dar críoch 31/12/2005.

<b>Lóisteálacha</b>	<b>€</b>	<b>Íocaíochtaí Seic</b>	<b>€</b>
Iarmhéid	2,800	Leasachán	3,000
Bainne	28,000	Speansais ghinearálta feirme	15,000
Caoirigh	22,000	Tuarastail Déiríochta	1,500
Eallach	13,000	Caoirigh	19,000
Uain	12,600	Eallach	14,000
Laonna	5,900	Solas, teas agus breosla	3,400
Fóirdheontais AE – Caoirigh	3,400	Innealra	6,500
Fóirdheontais AE – Eallach	2,500	Deisiúcháin	6,300
Ollann	1,800	Táillí tréidliachta agus leigheasanna	1,750
Préimh Fhoraoiseachta	2,100	Iasacht Banc agus ús 18 mí de réir 6% per annum ar 30/4/2005	16,350
Ús sé mhí ó infheistíocht 4% i mBanna	<u>600</u>	Iarmhéid	<u>7,900</u>
	<u>€94,700</u>		<u>€94,700</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Luach an Bheostoic ar 31/12/2005: Eallach €62,000 Caoirigh €25,000
- (ii) Táirgí feirme a d'úsáid an teaghlach le linn na bliana – Bainne €700; Uaineoil €300.
- (iii) Speansais ghinearálta feirme, leasachán agus táillí tréidliachta le roinnt mar leanas: 60% do 'Eallach agus Bainne' agus 40% do 'Caoirigh'.
- (iv) Speansais eile le roinnt mar leanas: 80% don fheirm agus 20% don teaghlach.
- (iv) Dímhéas le déanamh ar Innealra de réir ráta 10% dá chostas per annum.
- (v) Áirítear i dtáillí tréidliachta agus leigheasanna seic €650 ar árachas sláinte an teaghlaigh.
- (vii) Ar 31/12/2005 bhí seic Bainne €1,800 dlite, bhí €400 dlite do Chreidiúnaithe ar leasachán agus b'fhiú €900 an Stoc breosla.

### **Iarrtar ort:**

- (a) Ráiteas Caipitil don fheirm ar 1/1/2005 a ullmhú. (20)
- (b) Cuntas Miondealaithe Fiontair do 'Eallach agus Bainne' agus 'Caoirigh' don bhliain dar críoch 31/12/2005 a ullmhú. (20)
- (c) Cuntas ginearálta Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar críoch 31/12/2005 a ullmhú. (12)
- (d) Luaigh trí chúis ar chóir d'fheirmeoirí cuntais iomlána a choimeád. (8)

**(60 marc)**

### 3. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Is iad seo a leanas na cláir chomhardaithe do de Buitléir Tta., mar a bhí ar 31/12/2004 agus 31/12/2005, maraon le cuntas giorraithe Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar críoch 31/12/2005:

<b>Cuntas Giorraithe Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar críoch 31/12/2005</b>		€
Brabús oibriúcháin		140,000
Ús don bhliain		<u>(8,000)</u>
Brabús roimh cháin		132,000
Cáin don bhliain		<u>(45,000)</u>
Brabús tar éis cánach		87,000
Díbhinní – Eatramhach	21,000	
– Molta	<u>45,000</u>	<u>(66,000)</u>
Brabús coinnithe don bhliain		21,000
Brabús coinnithe ar 1/12/2005		<u>191,000</u>
Brabús coinnithe ar 31/12/2005		<u>212,000</u>

<b>Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar</b>	<b>31/12/2005</b>		<b>31/12/2004</b>	
	€	€	€	€
<b>Sócmhainní Seasta</b>				
Talamh agus foirgnimh ar a gcostas	825,000		750,000	
Lúide dímhneas carntha	<u>(95,000)</u>	730,000	<u>(80,000)</u>	670,000
Innealra ar a chostas	400,000		470,000	
Lúide dímhneas carntha	<u>(202,000)</u>	<u>198,000</u>	<u>(180,000)</u>	<u>290,000</u>
		928,000		960,000
<b>Sócmhainní Airgeadais</b>				
Infheistíochtaí luaithe		130,000		100,000
<b>Sócmhainní Reatha</b>				
Stoc	220,000		205,000	
Féichiúnaithe	200,000		190,000	
Urrúis rialtais	12,000		-	
Banc	-		10,000	
Airgead tirim	<u>2,000</u>		<u>1,000</u>	
	<u>434,000</u>		<u>406,000</u>	
<b>Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin</b>				
Creidiúnaithe trádála	250,000		228,000	
Ús dlite	1,200		-	
Cáin	50,000		43,000	
Díbhinní	45,000		34,000	
Banc	<u>6,800</u>		<u>-</u>	
	<u>(353,000)</u>		<u>(305,000)</u>	
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		<u>81,000</u>		<u>101,000</u>
		<u>1,139,000</u>		<u>1,161,000</u>
<b>Maoinithe ag</b>				
<b>Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain</b>				
Bintiúir 9%		75,000		180,000
<b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>				
Gnáthscaireanna €1	830,000		790,000	
Scairphréimh	22,000		-	
Cuntas brabúis agus cailteanais	<u>212,000</u>	<u>1,064,000</u>	<u>191,000</u>	<u>981,000</u>
		<u>1,139,000</u>		<u>1,161,000</u>

Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil freisin:

- 1 Níor tharla diúscairtí Foirgneamh ar bith le linn na bliana ach ceannaíodh Foirgnimh nua.
- 2 Níor tharla ceannacháin Innealra ar bith le linn na bliana. Rinneadh Innealra a dhiúscairt ar €35,000.
- 3 Ba é an dímhneas a cuireadh de mhuirear ar Innealra don bhliain chun teacht ar bhrabús Oibriúcháin ná €60,000.

#### **Iarrtar ort:**

- (a) An ráiteas faoi Shreabhadh Airgid de Buitléir Tta. don bhliain dar críoch 31/12/2005 a ullmhú, an ráiteas imréitigh san áireamh. (48)
- (b) Cén fáth a n-ullmhaítear ráitis faoi Shreabhadh Airgid. (8)
- (c) Sainaitin speansas Neamhairgid agus brabús Neamhairgid. (4)

**(60 marc)**

#### 4. Cuntais Fhoilsithe

Tá Caipiteal Údaraithe €800,000 ag Ross Tta. atá roinnte ina 600,000 Gnáthscair ar €1 an ceann agus 200,000 Scair Thosaíochta 10% ar €1 an ceann. Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2005.

	€	€
Infheistíochtaí 9% 1/1/2005	200,000	
Paitinn	64,000	
Talamh agus foirgnimh (athluacháilte ar 1/7/2005)	860,000	
Veaineanna seachadta ar a gcostas	140,000	
Veaineanna seachadta – dímhéas carntha ar 1/1/2005		64,000
Cúlchiste Athluachála		265,000
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	200,000	95,000
Ceannacháin agus Díolacháin	700,000	1,221,000
Stoc 1/1/2005	70,000	
Táillí Stiúrthóirí	89,000	
Tuarastail agus Speansais Ghinearálta	175,000	
Lascaine		6,260
Fógraíocht	23,000	
Ioncam Infheistíochta		9,000
Brabús ar Thalamh a dhíol		80,000
Cíos	30,000	
Díbhinní eatramhacha	29,000	
Iarmhéid Brabúis agus Cailiteanais 1/1/2005		78,000
Bintiúir 6% ar a n-áirítear €100,000 a eisíodh ar 1/8/2005		280,000
Banc		18,440
CBL		3,300
Caipiteal Eisithe		
300,000 Gnáthscair ar €1 an ceann		300,000
160,000 Scair Thosaíochta 10%		160,000
	<u>2,580,000</u>	<u>2,580,000</u>

Baineann an t-eolas seo a leanas le hábhar freisin:

- Cuireadh luach €72,000 ar stoc ar 31/12/2005 ar bhonn ‘tús isteach, deireadh amach’.
- Ceannaíodh an phaitinn ar 1/1/2003 ar €80,000. Tá sí á hamúchadh thar 10 mbliana i dtráthchodanna cothroma. Tá an t-amúchadh le bheith san áireamh i gcostas na ndíolachán.
- Ar 1/7/2005 fuair sealbhóirí Gnáthscaireanna díbhinn eatramhach €21,000 agus fuair sealbhóirí na scaireanna Tosaíochta €8,000. Molann na stiúrthóirí go n-íocfaí an díbhinn Tosaíochta atá dlite agus díbhinn deiridh ar Ghnáthscaireanna chun go mbeadh 15c an scair ar an nGnáthdhíbhinn iomlán.
- Ar 1/7/2005 díoladh talamh, a chosain €100,000, ar €180,000. Ar an dáta sin athluacháilte an chuid eile den talamh agus na foirgnimh ag €860,000. San áireamh san athluacháil sin tá talamh a bhfuil luach €160,000 anois air ach a chosain €50,000 nuair a ceannaíodh i dtosach é. Bhí costas €530,000 ar na foirgnimh athluacháilte.
- Tá dímhéas le déanamh mar seo a leanas:  
Veaineanna seachadta de réir 20% dá gcostas.  
Foirgnimh de réir ráta 2% dá gcostas per annum go dtí an dáta athluachála agus de réir 2% per annum den fhigiúr athluacháilte ina dhiaidh sin.
- Déan soláthar d’ús bintiúir dlite, d’ioncam infheistíochta dlite, do tháillí iniúchóirí €8,400 agus do cháin €40,000.

#### Iarrtar ort:

- An cuntas foilsithe **brabúis agus cailiteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2005, de réir Acht na gCuideachtaí agus na gcaighdeán tuairiscithe cuí, agus léirigh na nótaí seo a leanas:
  - Sócmhainní inláimhsithe seasta.
  - Stoc.
  - Díbhinní.
  - Brabús oibriúcháin.
  - Brabús ar mhaoin a dhíol. (48)
- Cad is iniúchadh ann? Déan cur síos ar thuarascáil ‘choinníollach’ a dhéanfaidh iniúchóir. (12)

(60 marc)

**ROINN 2 (200 Marc)**  
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

**5. Léirmhíniú ar Chuntais**

Baineadh na figiúirí seo a leanas as cuntais chríochnaitheacha Barrbainne Tta., déantóir i dtionscal na déiríochta, don bhliain dar críoch 31/12/2005. Tá Caipiteal Údaraithe €500,000 ag an gcuideachta, atá roinnte ina 400,000 €1 Gnáthscair agus 100,000 Scair Thosaíochta 6%.

**Cuntas Trádála, agus Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2005**

	€
Díolacháin	890,000
Costais ar dhíolacháin	(695,000)
Speansais iomlána oibriúcháin don bhliain	(120,000)
Ús don bhliain	<u>(20,000)</u>
Glanbhrabús don bhliain	55,000
Díbhinní molta	<u>(48,000)</u>
Brabús coinnithe don bhliain	7,000
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1/2005	<u>40,000</u> cr.
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2005	<u>47,000</u>

**Cóimheasa agus figiúirí don bhliain dar críoch 31/12/2004**

Cumhdach úis	5 huaire
Mearchóimheas	1.2:1
Tuilleamh an ghnáthscair	19c
Toradh ar chaipiteal in úsáid	14.2%
Luach gnáthscaire ar an margadh	€2.10
Giaráil	35%
Cóimheas P/T	10 mbliana
Díbhinn an ghnáthscair	18c

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2005**

	€	€
Sócmhainní Doláimhsithe	150,000	
Sócmhainní Seasta	320,000	
Infheistíochtaí (luach ar an margadh €90,000)	<u>105,000</u>	575,000
Sócmhainní Reatha (Stoc €45,000 agus Féichiúnaithe €48,000 san áireamh)	98,000	
Creidiúnaithe trádála	(28,000)	
Díbhinní molta	<u>(48,000)</u>	<u>22,000</u>
		<u>597,000</u>
Bintiúir 10% (2010/2011)		200,000
Caipiteal eisishe		
300,000 Gnáthscair @ €1 an ceann	300,000	
50,000 6% Scair thosaíochta @ €1 an ceann	50,000	
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais	<u>47,000</u>	<u>397,000</u>
		<u>597,000</u>

Luach gnáthscair amháin ar an margadh: €2.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a fhreagairt:**

- (a) Ríomh iad seo a leanas don bhliain 2005:
1. An Cumhdach úis.
  2. Tuilleamh an scair.
  3. Díolacháin ar airgead síos más í an mheánthréimhse cairde a thugtar d'fhéichiúnaithe ná 2 mhí.
  4. Cén fad a thógfadh sé ar ghnáthscair amháin a praghas ar an margadh in 2005 a aisghabháil, bunaithe ar an ráta íochta amach díbhinne faoi láthair.
  5. Toradh díbhinne ar ghnáthscaireanna do **2004**. (45)
- (b) Cuir in iúl cé acu a bheadh na sealbhóirí Bintiúir sásta le polasaí agus le staid reatha na cuideachta thuas nó nach mbeadh. Bain úsáid as eolas ábhartha atá ar fáil mar thaca le do fhreagra. (40)
- (c) Cad iad na gníomhartha a mholfá don chuideachta a dhéanamh? (15)

**(100 marc)**

## 6. Ráiteas Táblach

Tá staid airgeadais NSL Tta. ar 1/1/2005 léirithe sa Chlár Comhardaithe seo a leanas:

<b>Clár Comhardaithe mar a bhí ar 1/1/2005</b>			
	<b>Costas</b>	<b>Dímheas</b>	<b>Glan</b>
	<b>€</b>	<b>go dáta</b>	<b>€</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Talamh & foirgnimh	260,000	25,000	235,000
Trealamh	<u>50,000</u>	<u>20,000</u>	<u>30,000</u>
	<u>310,000</u>	<u>45,000</u>	265,000
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Stoc		70,000	
Féichiúnaithe (lúide soláthar 5%)		<u>85,500</u>	
		155,500	
<b>Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh na de 1 bhliain</b>			
Creidiúnaithe	61,000		
Banc	23,000		
Speansais dlite	<u>3,500</u>	<u>87,500</u>	
<b>Glansócmhainní Reatha</b>			<u>68,000</u>
			<u>333,000</u>
<b>Maoinithe ag</b>			
<b>Caipiteal agus cúlchistí</b>			
Údaraithe - 400,000 Gnáthscair @ €1 an ceann			
Eisithe - 290,000 Gnáthscair @ €1 an ceann			290,000
Scairphréimh			14,000
Iarmhéid Brabúis agus cailteanais			<u>29,000</u>
			<u>333,000</u>

Tharla na bearta seo a leanas le linn 2005:

- Ean. Cheannaigh NSL Tta. gnólacht in aice láimhe a chuimsigh foirgnimh €120,000, féichiúnaithe €10,000 agus creidiúnaithe €38,000. Urscaoileadh (íocadh) an praghas ceannaithe trí 80,000 scair in NTL Tta. a thabhairt don díoltóir ar phréimh 20 cent an scair.
- Feabh. Shocraigh NSL Tta. an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ag €550,000 (a chuimsíonn talamh dar luach €70,000) ar 28/2/2005.
- Mar. Shocraigh an bhainistíocht gur chóir an soláthar do dhrochfhiacha a ardú go dtí 6% d'fhéichiúnaithe.
- Aib. Aischiúradh earraí a díoladh cheana ar €800. Ba é praghas díolta na n-earraí sin ná a gcostas móide 25%. Eisíodh nóta creidmheasa a léirigh asbhaint 10% den phraghas díolta mar tháille athstocála.
- Beal. Fuarthas ráiteas bainc ar 31 Bealtaine a léirigh aistriú creidmheasa €4,800 a fuarthas chun cíos 10 mí a chumhdach roimh ré ó 1 Bealtaine, agus dochar díreach €2,000 chun árachas dhoiteáin a chumhdach don bhliain dar críoch 31/3/2006.
- Meith. Fuarthas íocaíocht €630 ó fhéichiúnaí a ndearnadh a fhiacha a dhíscríobh roimhe sin agus a dteastaíonn uaidh anois trádáil le NSL Tta. arís. Is ionann sin agus 70% de na fiacha agus gheall an fhéichiúnaí go n-íocfaí an chuid eile de na fiacha faoi Eanáir 2006.
- Iúil. Creidiúnaí a raibh €500 aige ar NSL Tta., ghlac sé le trealamh, a raibh luach €400 air de réir na leabhar, mar lánghlanadh fiacha. Chosain an trealamh €900.
- Lún. Íocadh díbhinn eatramhach 5c an scair ar gach scair íoctha.
- D.F. Fuarthas €40,000 as an gcuid eile de na scaireanna a eisiúint.
- Samh. Fuarthas fuilleach na ndrochfhiacha a díscríobhadh cheana mar a comhaontaíodh i mí an Mheithimh.
- Noll. Tá dímheas le déanamh ar na foirgnimh de réir ráta 2% per annum dá luach ar 28/2/2005. B'ionann agus €9,700 an táille dímheasa ar threalamh don bhliain ar fad.

### **Iarrtar ort:**

Taifead a dhéanamh i ráiteas táblach ar an tionchar a bhí ag gach ceann de na bearta thuas ar chuntais na sócmhainní, na ndliteanas agus an chaipitil, agus na sócmhainní agus na dliteanais iomlána ar 31/12/2005 a fháil amach.

(100 marc)

7. **Earráidí a cheartú agus cuntas fionraí**

Níor réitigh Comhardú Trialach M. Ó Meara, garáisteoir, ar 31/12/2005. Iontráladh an difríocht i gCuntas Fionraí agus ullmhaíodh an Clár Comhardaithe seo a leanas.

<b>Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2005</b>			
<b>Sócmhainní Seasta</b>	€	€	€
Áitreabh		700,000	
Trealamh		60,000	
Troscán		<u>20,000</u>	780,000
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Stoc (fionraí san áireamh)		91,400	
Féichiúnaithe		35,200	
Airgead tirim		<u>500</u>	
			127,100
<b>Lúide: Dliteanas Reatha</b>			
Creidiúnaithe	54,000		
Banc	<u>28,000</u>	<u>82,000</u>	<u>45,100</u>
			<u>825,100</u>
<b>Maoinithe ag:</b>			
Caipiteal		790,000	
Suimigh: Glanbhrabús		<u>64,100</u>	
		854,100	
Tarraingtí		<u>29,000</u>	<u>825,100</u>
			<u>825,100</u>

Agus na leabhair á seiceáil, aimsíodh na hearráidí seo a leanas:

- (i) Gluaisteán a ceannaíodh ar cairde ó D. Ó Fuaráin ar €13,000, iontráladh ar an taobh mícheart de chuntas Uí Fhuaráin ar €1,300 é agus cuireadh chun sochair sa Chuntas Trealaimh mar €3,100 é.
- (ii) Cuir Ó Meara carr ar ais, a ceannaíodh roimhe sin ar cairde ó sholáthraí ar €14,600. Rinne Ó Meara an beart sin a iontráil mar €16,400 ar na taobhanna cearta de na cuntais sa Mhórleabhar. Ach tháinig nóta creidmheasa ina dhiaidh sin ón soláthraí a léirigh táille athstocála €500 i leith chostas an aischuir. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh i leith an nóta chreidmheasa sin ná creidmheas €14,100 i gcuntas an chreidiúnaí.
- (iii) Féichiúnaí, a raibh €1,000 ag Ó Meara air, chuir sé isteach seic ar €800 agus €150 in airgead tirim mar lánghlanadh cuntais. Taifeadadh é sin i gceart sna leabhair. Ní dhearnadh aon iontráil, áfach, sna leabhair ar obadh an tseic sin ina dhiaidh sin nó ar dhíscríobh an chuid a bhí fágtha den fhiach go hiomlán i ngeall ar fhéimheacht.
- (iv) Bhí fiacha príobháideacha €770 ar Ó Meara agus rinneadh an tsuim sin a fhritháireamh i gcoinne €820, a bhí ag dul don ghnólachtas carr a chóiriú. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair maidir leis an bhfritháireamh seo.
- (v) Níor iontráladh sna leabhair seic ar €2,250 a d'íoc Ó Meara as cuntas príobháideach bainc ar chíos 15 mhí ar threalamh diagnóiseach suas go dtí an 31/3/2006.

**Iarrtar ort:**

- (a) Na ceartúcháin is gá a iontráil sa leabhar cunta. (50)
- (b) Cuntas Fionraí a léiriú. (6)
- (c) Ráiteas a ullmhú a léiríonn an glanbhrabús ceart. (14)
- (d) Clár Comhardaithe ceartaithe a ullmhú. (20)
- (e) Míniú a thabhairt, le samplaí, ar an difríocht idir 'earráid choimisiúnaithe' agus 'earráid phrionsabail'. (10)

**(100 marc)**



**ROINN 3 (80 Marc)**  
Freagair aon cheist **AMHÁIN**

**8. Costáil Imeachach agus Costáil Ionsú**

- A. Táirgeann Crannra Tta. aon táirge amháin. Mar leanas a bhí cuntas brabúis agus cailiteanais na cuideachta don bhliain dar críoch 31/12/2005, tréimhse inar táirgeadh agus inar díoladh 60,000 aonad:

	€	€
Díolacháin		720,000
Ábhair	288,000	
Saothar díreach	144,000	
Forchostais mhonarchan	51,000	
Speansais riaracháin	96,000	
Speansais díolacháin	<u>68,000</u>	<u>647,000</u>
Glanbhrabús		<u>73,000</u>

Is costais athraitheacha iad ábhair, saothar díreach agus 40% de na forchostais mhonarchan. Seachas coimisiún ar 5% de na díolacháin, tá na speansais díolacháin agus riaracháin seasta.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh:**

- (a) Pointe meá ar mheá agus lamháil sábháilteachta na cuideachta.
- (b) Líon na n-aonad nach mór a dhíol ar €13 an t-aonad chun brabús 10% den ioncam díolacháin a fhaightear ó na haonaid chéanna sin a chur ar fáil.
- (c) An brabús a d'fhéadfadh an chuideachta a dhéanamh in 2006 dá laghdódh sí a praghas díola go dtí €11, dá méadóidh sí a costais sheasta de €10,000 agus, ar an gcaoi sin, líon na n-aonad a dhíolfaí a mhéadú go dtí 80,000, agus leibhéil na gcostas eile agus na céatadáin eile a choinneáil gan athrú.

- B. Táirgeann Glanas Tta. 8,000 aonad de tháirge Z le linn na bliana dar críoch 31/12/2005. Díoladh 6,000 de na haonaid sin ar €6 an t-aonad. Ba iad seo a leanas na costais táirgeachta:

Ábhair Dhíreacha	€0.50 an t-aonad
Saothar Díreach	€0.80 an t-aonad
Forchostas Athraitheach	€0.50 an t-aonad
Costas Forchostais sheasta don bhliain	€3,000

**Iarrtar ort:**

- (a) Ráitis bhrabúis agus chaillteanais a ullmhú de réir phrionsabail na costála Imeachach agus na costála Ionsú.
- (b) Breac-chuntas a thabhairt ar na difríochtaí idir costáil Imeachach agus costáil Ionsú. Cén modh is ceart a úsáid chun críche cuntasáochta airgeadais agus cén fáth?

**(80 marc)**

## 9. Buiséadú Solúbtha

Déanann Mac Fhionnlaoidh comhpháirt do thionscal na ngluaisteán. Tá na buiséid solúbtha seo a leanas ullmhaithe cheana féin do 50%, 75% agus 85% d'acmhainneacht na monarchan:

<b>Leibhéal Aschuir</b>	<b>50%</b>	<b>75%</b>	<b>85%</b>
Aonaid	10,000	15,000	17,000
<b>Costais</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Ábhair dhíreacha	140,000	210,000	238,000
Tuarastail dhíreacha	110,000	165,000	187,000
Forchostais táirgeachta	73,000	108,000	122,000
Forchostais eile	39,000	54,000	60,000
Speansais riaracháin	<u>28,000</u>	<u>28,000</u>	<u>28,000</u>
	<u>390,000</u>	<u>565,000</u>	<u>635,000</u>

Tá an brabús buiséadaithe le bheith cothrom le 24% de na díolacháin.

### **Iarrtar ort:**

- (a) (i) Na costais thuas a rangú ina gcostais sheasta, athraitheacha agus mheasctha.
  - (ii) Na forchostais táirgeachta a roinnt ina n-eilimintí seasta agus athraitheacha.
  - (iii) Na forchostais eile a roinnt ina n-eilimintí seasta agus athraitheacha.
  - (iv) Buiséad solúbtha a ullmhú do leibhéal gníomhaíochta 95%.
  - (v) An buiséad a athlua, agus úsáid á baint as prionsabail na costála imeallaí, agus an cion tairbhe, a léiriú.
- (b) Cad is athraitheas codarsnach ann? Luaigh cúis amháin a bhféadfadh athraitheas codarsnach a bheith i gcostais a bhaineann le hábhar Díreach.
- (c) Míniú a thabhairt, le samplaí, ar chostais 'inrialaithe' agus ar chostais 'dhorialaithe'.

**(80 marc)**

**Leathanach Bán**

Leathanach Bán